Gealltanais Feidhmíochta 2023

Athnuachan RTÉ don chéad ghlúin eile

Réamhrá

Déanfaidh RTÉ, gach bliain, Ráiteas Bliantúil ar Ghealltanais Feidhmíochta ('RBGF' nó 'gealltanais') a ullmhú, de réir a chuspóirí, a straitéise agus a *Ráitis Seirbhíse Poiblí*[1], agus ina n-áirítear na gníomhaíochtaí a mbeidh sé beartaithe ag an gcorparáid gealltanas a thabhairt ina leith sa bhliain airgeadais sin agus táscairí feidhmíochta gaolmhara. Gach bliain, déanfaidh RTÉ tuairisc a thabhairt ina Thuarascáil Bhliantúil maidir le comhlíonadh nó neamhchomhlíonadh a ghealltanas. Faoi réir Alt 102(3) an Achta Craolacháin 2009, cuireadh gealltanais RTÉ don bhliain 2023 faoi bhráid Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) i mí Bealtaine 2023, agus tá siad ar fáil san fhoilseachán seo ar RTÉ.ie.

Le linn na bliana 2019, d'ullmhaigh RTÉ leasú suntasach ar a straitéis 2018-2022[2] a cuireadh faoi bhráid an BAI agus an Rialtais araon ag deireadh na bliana 2017. I mí Lúnasa 2019, chuir RTÉ a *Straitéis Leasaithe 2020-2024* (straitéis leasaithe) faoi bhráid an Rialtais. Tagann gealltanais RTÉ lena straitéis leasaithe. Tá an treo ina bhfuil RTÉ ag dul le linn thréimhse na straitéise fós mar chuid dá fhís: *A bheith ina chrann seasta ag cultúr na hÉireann trí spéis an lucht féachana agus éisteachta a shásamh le hábhar atá iontaofa, spéisiúil agus dúshlánach, iléagsúlacht dhomhain na tíre a cheiliúradh agus cumas mhuintir na hÉireann a chothú.*

Léirítear sna gealltanais seo agus sna spriocanna a bhaineann leo mar a bhfuil sé i gceist ag RTÉ beart a dhéanamh de réir a bhriathair maidir leis an gceathrú bliain dá straitéis leasaithe. Agus an eagraíocht ag féachaint leis an sainordú seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, ní mór di dul i ngleic leis an míréir a bhaineann le haidhmeanna seirbhíse poiblí a bhaint amach an tráth céanna a bhfuiltear ag brath go mór ar leibhéal ard cistíochta ón taobh tráchtála. Ní mór freastal a dhéanamh ar réimsí spéise móréilimh an tráth céanna a gcuirtear ábhar ar fáil do chultúir mhionlaigh agus do lucht sainspéise.

Tugadh isteach coincheap Thionchair Phoiblí Bheartaithe gach gealltanais i ngealltanais RTÉ in 2019. Feictear do RTÉ, arb é an eagraíocht meán cumarsáide seirbhíse (MCS) is mó in Éirinn é, go bhfuil an obair a dhéanann sé ar son phobal na hÉireann agus an bealach a thacaíonn sé le daonlathas na hÉireann i gcroílár

[1] Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ
[2] Straitéis RTÉ 2018-2022

gach a ndéanann sé. Tá sé léirithe go bhféadfadh meáin seirbhíse poiblí láidre cur le feidhmiú pobal. Tá fís shoiléir leagtha síos ag RTÉ don eagraíocht ar mar atá sé i gceist aige tionchar dearfach a bheith aige ar shochaí na hÉireann. Le linn do RTÉ na pleananna atá aige a straitéis a thabhairt i gcrích gach bliain a leagan amach, creideann sé go bhfuil sé tábhachtach béim a leagan ar na tionchair phoiblí éagsúla atá beartaithe.

Leagtar sé ghealltanas faoi thrí cheannteideal nó cuspóir straitéiseach amach in RBGF 2023: Lucht Féachana agus Éisteachta, Ábhar agus Inbhuanaitheacht.

Cuspóirí Straitéiseacha agus gealltanais

An Lucht Féachana agus Éisteachta – Ábhar a chur ar fáil a bhaineann le lucht féachana agus éisteachta na hÉireann ar fad, ag freastal ar gach duine, gach áit

1. **A chinntiú go mbeidh an lucht féachana agus éisteachta i gcroílár na gcinntí a dhéantar**
2. **A bheith san áit a bhfuil an lucht féachana – teacht a bheith ag an uile dhuine ar na seirbhísí, barr feabhais a chur ar an ábhar líneach agus digiteach ar dtús a ghlacadh**

Ábhar – Lucht féachana agus éisteachta a shásamh le meascán d'ábhar ar ardchaighdeán a thugann léargas ar scéalta na tíre a chur ar fáil

3. **Ábhar iontaofa, dúshlánach agus spéisiúil a chur ar fáil**
4. **Cultúr na hÉireann a Chosaint**
5. **Iléagsúlacht a cheiliúradh agus cumas mhuintir na hÉireann a chothú**

Inbhuanaitheacht – Todhchaí na meán seirbhíse poiblí a chosaint trí RTÉ inbhuanaithe

6. **Todhchaí MSP a chosaint trí RTÉ inbhuanaithe**

An Lucht Féachana agus Éisteachta

Ábhar a chur ar fáil a bhaineann le lucht féachana agus éisteachta na hÉireann ar fad, ag freastal ar gach duine, gach áit

Gealltanas		Tionchair Phoiblí Bheartaithe	Spriocbheart	2023 Sprioc
1.	**A chinntiú go mbeidh an lucht féachana agus éisteachta i gcroílár na gcinntí a dhéantar**	Tá riachtanais an lucht féachana agus éisteachta lárnach i ndáil le MSP a chur ar fáil in Éirinn. Braitheann muintir na hÉireann go bhfuil úinéireacht acu ar a MSP agus go bhfuil ceangal acu leis.	a) Dearcadh an phobail go bhfuil RTÉ ábhartha do mhuintir na hÉireann sa lá atá inniu ann a choinneáil	80%
			b) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil ábhar agus seirbhísí den scoth ag RTÉ a choinneáil	75%

Gealltanas		Tionchair Phoiblí Bheartaithe	Spriocbheart	2023 Sprioc
2.	**A bheith san áit a bhfuil an lucht féachana – teacht a bheith ag an uile dhuine ar na seirbhísí, barr feabhais a chur ar an ábhar líneach agus digiteach ar dtús a ghlacadh**	Tá riachtanais meán i ngach réimse de shochaí na hÉireann bainte amach. Tá daoine óga gafa le hábhar agus seirbhísí Éireannacha. Spreagfaidh nuálaíocht i léiriúchán meán rannpháirtíocht na ndúchasach digiteach le hábhar Éireannach. Beidh teacht éasca agus láithreach ag daoine ar ábhar Éireannach ar ghaireas dá rogha féin.	a) An meánsciar seachtainiúil den lucht féachana agus éisteachta a mhealltar chuig seirbhísí uile RTÉ a choinneáil ag 90% nó os a chionn (daoine 18+)	90%
			b) An meánsciar seachtainiúil den lucht féachana agus éisteachta a mhealltar chuig seirbhísí uile RTÉ a choinneáil ag 90% nó os a chionn (daoine 18-34)	90%
			c) Líon na gcuairteanna chuig punann táirgí digiteacha RTÉ a fhás, san fhadtéarma	705m
			d) Sciar teilifíse RTÉ a choinneáil (daoine fásta 15+, an lá ar fad)	26.8%
			e) Sciar raidió RTÉ a choinneáil (daoine fásta 15+, an lá ar fad)	30%
			f) Monatóireacht a dhéanamh ar an Am a Caitheadh ar RTÉ agus tuairisciú ina leith (daoine fásta 15+ agus daoine fásta in aois 15-34)	Tuarascáil
			g) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil teacht go héasca ar chláracha agus ar sheirbhísí RTÉ ar réimse deiseanna a choinneáil	70%

Ábhar

Lucht féachana agus éisteachta a shásamh le meascán d'ábhar ar ardchaighdeán a thugann léargas ar scéalta na tíre a chur ar fáil

Gealltanas		Tionchair Phoiblí Bheartaithe	Spriocbheart	2023 Sprioc
3.	**Ábhar iontaofa, dúshlánach agus spéisiúil a chur ar fáil**	I ré seo na bréagnuachta, tá foinse nuachta iontaofa ag muintir na hÉireann. Coinnítear an dream is cumhachtaí i sochaí na hÉireann cuntasach, agus tugtar éagóir agus droch-chleachtas in institiúidí Éireannacha chun solais. Cuirtear leis an oideachas in Éirinn trí dhearcthaí agus bealaí foghlama éagsúla a áireamh.	a) Dearcadh an phobail go gcuireann RTÉ ábhar N&CR atá iontaofa ar fáil a choinneáil	80%
			b) An dearcadh i measc an phobail go spreagann RTÉ díospóireacht náisiúnta agus go gcuireann sé daoine ag caint a choinneáil	80%
			c) An dearcadh i measc an phobail go gcoinníonn RTÉ ar an eolas mé a choinneáil	80%

Gealltanas		Tionchair Phoiblí Bheartaithe	Spriocbheart	2023 Sprioc
4.	**Cultúr na hÉireann a Chosaint**	Spreagtar plé poiblí agus tugtar léargas ar shochaí chomhaimseartha na hÉireann. Rachaidh an oidhreacht closamhairc shaibhir a chuirtear ar fáil trí chartlann MSP den chineál is nua-aimseartha chun leasa mhuintir na hÉireann. Neartaítear an mórtas atá againn as ár n-aitheantas náisiúnta trína bheith rannpháirteach sa taithí chultúir agus spóirt a cheanglaíonn le chéile muid mar náisiún. Feicfidh leanaí na hÉireann a dtaithí féin agus cloisfidh siad a nglór féin ar an scáileán, ar raidió agus ar líne.	a) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ ina chuid thábhachtach den saol in Éirinn a choinneáil	80%
			b) An dearcadh i measc an phobail go ligeann RTÉ dom imeachtaí náisiúnta a thapú a choinneáil	80%
			c) An dearcadh i measc an phobail go dtugann RTÉ an méid ama ceart do chláir do leanaí a choinneáil	50%
			d) An dearcadh i measc an phobail go gcuireann RTÉ seirbhís chuimsitheach ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge a choinneáil	60%
			e) An sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu ar RTÉ RnaG i rith na seachtaine a choinneáil	3%

		Tiocfaidh méadú ar shuntasacht na Gaeilge agus beidh ina cuid lárnach de thírdhreach na meán Éireannach.	f) 'Soláthar 365' TG4 a shásamh i gcomhréir le ceanglais Alt 120 den Acht	An comhaontú prótacail leathnaithe amach 5 bliana a bhaint amach

Gealltanas		Tionchair Phoiblí Bheartaithe	Spriocbheart	2023 Sprioc
5.	**Iléagsúlacht a cheiliúradh agus cumas mhuintir na hÉireann a chothú**	Feiceann gach duine as gach cuid de shochaí na hÉireann go bhfuil ionadaíocht déanta ar a dtaithí féin ina n-eagraíocht MSP agus braitheann go bhfuil siad san áireamh. Tá feasacht níos mó ar an éagsúlacht a bhaineann le sochaí na hÉireann agus comhtháthú sóisialta níos fearr. Tá MSP cruthaitheach agus nuálach ar bhonn leanúnach ag Éirinn. Tagann fás ar gheilleagar cruthaitheach na hÉireann agus déantar é a neartú agus a fhorbairt. Tugtar ardán d'aos dána na hÉireann atá i mbun oibre cheana féin agus atá ag teacht chun cinn agus déantar iad a cheiliúradh.	a) An dearcadh i measc an phobail go léiríonn RTÉ sochaí reatha na hÉireann a mhéadú	80%
			b) Tuarascáil maidir le mná agus glórtha mná ar an aer	Tuarascáil
			c) Ardsciar den ábhar a chuirtear ar fáil ar bhandaí FM Raidió RTÉ a choinneáil ina ábhar dúchasach arna chraoladh den chéad uair	80%
			d) Uaireanta an chloig d'ábhar dúchais mar % d'iomlán na n-uaireanta an chloig le linn buaicthráthanna ar RTÉ One a choinneáil	75%
			e) Cur leis an infheistíocht in Earnáil na Léiriúchán Neamhspleách faoi réir méadú a bheith ar mhaoiniú poiblí agus ceanglais caiteachais reachtúla a shásamh (alt 116 den Acht)	€ 44.5m
			f) An dearcadh níos airde i measc an lucht féachana go gcuireann RTÉ drámaíocht Éireannach ar ardchaighdeán ar fáil a choinneáil	65%
			g) Sástacht an phobail le caighdeán an chultúir agus na n-ealaíon ar RTÉ a choinneáil	67%

		Insítear scéalta iontacha mhuintir na hÉireann ar bhealach a dtuigeann cách iad agus ar bhealach cumhachtach. Déanfar síneadh a chur leis an mbealach a mbíonn teacht ar na healaíona agus déanfar go daonlathach é agus cuirfidh sin le luach atá ag an bpobal ar an gcultúr agus oidhreacht ar leith atá againn.	h) An dearcadh i measc an phobail go gcuireann RTÉ raon leathan ceoil chlasaicigh ar fáil a choinneáil	50%

Inbhuanaitheacht

Todhchaí na Meán Seirbhíse Poiblí a chosaint trí RTÉ inbhuanaithe

Gealltanas		Tionchair Phoiblí Bheartaithe	Spriocbheart	2023 Sprioc
6.	**Todhchaí MSP a Chosaint**	Tá cosaint ag todhchaí MSP in Éirinn agus tá sé inbhuanaithe. Déantar é a rith go héifeachtach agus go héifeachtúil. Tacaítear leis trí ghníomhaíochtaí tráchtála RTÉ. Tá sé oscailte, cuntasach agus trédhearcach. Neartaítear agus tugtar cosaint do dhlisteanacht MSP in Éirinn.	a) An buiséad bliantúil a shásamh.	An toradh aontaithe a bhaint amach
			b) Punann seirbhísí RTÉ a chur ar fáil taobh istigh den sprioc maidir le costas oibriúcháin buiséadaithe.	Na costais oibriúcháin agus seirbhísí áirithe a chur ar fáil a bhaint amach
			c) Gníomhaíochtaí tráchtála RTÉ a oibriú go héifeachtach chun an glantoradh is fearr a bhaint as gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí RTÉ	Sprioc ioncam tráchtála an Ghrúpa a bhaint amach
			d) Caiteachas iomlán ar ábhar agus ar dháileachán mar % de na Costais Oibriúcháin	80%
			e) COCPanna* ina % de Chostais Oibriúcháin Iomlána *Costais Oibriúcháin Cúrsaí Pearsanra	An sprioc maidir le PROC a bhaint amach
			f) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ luachmhar do shochaí na hÉireann a choinneáil	85%
			g) An dearcadh i measc an phobail go bhfuil RTÉ iontaofa a choinneáil	75%